C/2024/2109

6.3.2024

Fógra le haghaidh daoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2024/2109)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid Meddie NKALUBO, Willy NGOMA, William YAKUTUMBA, Michel RUKUNDA, Ahmad Mahmood HASSAN agus Apollinaire HAKIZIMANA, daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

An 20 Feabhra 2024, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an seisear thuasluaite le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Tá na hinsintí is bun leis na liostaí sin ar fáil ar: Tá sé iontráil curtha ar a liosta smachtbhannaí ag Coiste Smachtbhannaí 1533 na Comhairle Slándála | Clúdach ar na Cruinnithe agus Preaseisiúintí, APOLLINAIRE HAKIZIMANA | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, AHMAD MAHMOOD HASSAN | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, MICHEL RUKUNDA | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, WILLIAM AMURI YAKUTUMBA | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, WILLY NGOMA | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, MOHAMED ALI NKALUBO | Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gComhairle an seisear thuasluaite a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, agus na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus ó Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

Ba cheart aon bharúlacha ba mhian leis na daoine lena mbaineann a chur isteach faoin 20 Márta 2024 chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
([2]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.